
## LÉAMHTHUISCINT: DERMOT SOMERS, TAISCÉALAÍ



Pic.le caoinchead thogra Phortráidí na Scríbhneoirí Gaeilge

Bhronn Cumann Sléibhteoireachta na hÉireann (MI) Gradam Lynam, an gradam aitheantais is mó dá bhfuil acu, ar an sléibhteoir **aitheanta** Gaelach Dermot Somers le déanaí. Tá aithne mhaith ag pobal na Gaeilge ar Somers mar gheall ar na trí leabhar Gaeilge a scríobh sé faoina chuid eachtraíochta agus na cláracha teilifíse a chuir sé i láthair ar TG4.

Dúirt Somers le Tuairisc go raibh sé an-bhuíoch as an ngradam, ach gur chaith sé le gradaim agus le sléibhte ar an gcaoi chéanna – rudaí nach fiú bacadh leo “mura bhfuil do chuid cairde in éineacht leat”.

“Bíonn gradaim cosúil le mullach sléibhe a bhaint amach. Ba chuma liom i gcónaí ar éirigh liom nó nár éirigh liom mullach a bhaint amach, an rud ba thábhachtaí ná an caidreamh a bhí agam leis na daoine a raibh mé in éineacht leo ann. Tá sé agam i mBéarla sa leabhar nua atá foilsithe agam – ‘the company I kept brought the mountain to life’, agus bhí sé sin fíor faoin ngradam freisin,” a dúirt sé.

Tá sé an-bhuíoch de Chumann Sléibhteoireachta na hÉireann as an ngradam a bhronnadh air, a deir sé.

“Bhí orm léacht a thabhairt an oíche ar bronnadh é, agus an rud ba mhó agus ba thábhachtaí faoin oíche ar fad ná go raibh seanchairde liom ann. Bhí slua ann, daoine nach bhfaca mé le blianta fada agus ba shin an gradam is mó a bronnadh orm. Bhaineamar an-taitneamh as an g**comhluadar** agus bhíomar go léir ag athchuimhneamh ar rudaí a tharla san am a caitheadh.”

Tá Dermot Somers 77 mbliana d’aois anois agus tá breis agus caoga bliain caite aige i mbun sléibhteoireachta agus dreapadóireachta in **Éirinn** agus i bhfad i gcéin. Ba é an chéad Éireannach a dhreap Na hÉadain Thuaidh sna hAlpa, agus bhí sé mar chuid den ‘tascar Éireannach’, mar a thugann sé féin air, a thug aghaidh ar Shliabh Everest in 1993.

“Thosaigh mé ag plé leis an tsléibhteoireacht nuair a bhí mé i m’fhichidí. Nuair a tháinig mé ar an tsléibhteoireacht den chéad uair ní raibh **cur amach** ar bith ag muintir na hÉireann uirthi. Is í an dreapadóireacht carraige [ailleadóireacht] an ghné is mó a thaitin liom, agus is í is mó

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

a thaitníonn liom fós, tá mé fós gafa leis an gcarraigeadóireacht cé nach dtéim níos airde ná na hAlpa anois.

“Bhí mé ag tumadh roimhe sin, bhí mé i gcumann fothoinn nó ‘subaqua’. Bhí mé i gcónaí ag lorg rud éigin a bhí **eachtrúil** agus **suimiúil**, rud a raibh baint aige leis an dúlra, an nádúr, agus an timpeallacht.

“Bhí mé ag siúl sna sléibhte i gCiarraí agus chonaic mé daoine ag dreapadóireacht agus chuir mé suim ann láithreach. Luaigh mé le cuid de na daoine a bhí sa chumann fothoinn é agus bhí an tsuim chéanna acusan. Go luath ina dhiaidh sin, bhí mé sna hAlpa ag tosú ar an Ailpíneacht.”

Chaith Somers na blianta fada ag cur feabhais ar na scileanna ailleadóireachta agus sléibhteoireachta a bhí aige agus de réir mar a mhéadaigh ar a thaithí agus a scil bhí sé in ann a aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra shaol na sléibhteoireachta.

“D’fhan mé sna hAlpa ar feadh i bhfad agus d’éirigh go maith liom ann. Ar deireadh bhí mé in ann na héadain is mó a bhaint amach – chuir mé an-suim iontu siúd. Faoin mbliain 1988, bhí cuid mhaith déanta againn, bhí an-taithí agus an-chleachtadh againn ar an Ailpíneacht agus thosaíomar ag gabháil níos faide i gcéin – go dtí na Himiléithe agus na hAindéis.

“Bhaineamar triail as rudaí níos airde. Is í an airde an rud is measa**. Caithfidh tú dul i dtaithí uirthi** agus caithfidh do chorp dul i dtaithí uirthi le feidhmiú ann. Bhíomar i Neipeal agus sa Tibéid go háirithe agus sa deireadh i 1993 bhí an turas go Everest ann.

“Sléibhteoirí Éireannacha ar fad a bhí ionainn agus **theastaigh uainn** go n-éireodh le hÉireannaigh Everest a dhreapadh den chéad uair an tslí cheart, nach mbeadh an gradam sin ag dul go duine éigin a d’íoc an-chuid airgid ar dhreapadh tráchtála,” a dúirt Somers.

D’éirigh lena n-iarracht agus leag an tÉireannach Dawson Stelfox a chos ar Mhullach an Domhain ar an 27 Bealtaine 1993. Ba é an t-aon duine den ochtar Éireannach a bhí ar an bhfoireann a bhain barr an tsléibhe amach.

“Cheapfadh daoine go mb’fhéidir go mbeadh díomá orm – bhí ochtar ann ach níor bhain ach duine amháin an mullach amach. Bhíomar ag cabhrú leis. Bhí Dawson iontach láidir agus iontach sciliúil an t-am sin, agus ba eisean a bhain amach an mullach. Theip ar an aimsir ina dhiaidh sin. Bhain Dawson amach é ar son gach éinne eile. An lá dár gcionn bhí an aimsir go dona agus an séasúr thart. Is cuma liom faoin scéal sin ar fad anois, tá sé fágtha i bhfad taobh thiar díom.”

B’fhéidir go gceapfadh daoine gur ‘bua’ nó ‘teip’ a bhíonn i gceist ach ní hea, a deir sé.

“**Mura n-éiríonn leat,** téann tú ar aghaidh agus déanann tú rud eile. Ní hé Everest an sliabh is tábhachtaí ná an sliabh is suimiúla, is é is airde agus sin é. Tá sléibhte eile ann a bhí **i bhfad níos suimiúla** agus níos tábhachtaí domsa,” a dúirt sé.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| 1. Cuir tic leis an ráiteas is mó atá fíor. | |
|---|---|
| Léiríonn an gradam go bhfuil éacht bainte amach ag Dermot. | |
| **Ceapann Dermot gurb é an luach is mó a bhaineann leis an ngradam ná na cairde a bhí leis ar na turais.** | |
| Tá Dermot an-bhródúil as a chuid eachtraíochta ar fad. | |
| **2 .An bhfuil an ráiteas seo fíor nó bréagach: Ba é Dermot an chéad Éireannach a bhain mullach Shliabh Everest amach. Tabhair cúis le do fhreagra.** | |
| Fíor | |
| Bréagach | |
| Cén fáth? | |
| **3. Luaigh dhá thréith phearsanta a shamhlaíonn tú le Dermot agus tabhair cúiseanna le do fhreagra.** | |
| | |
| | |
| **4. Cén fáth nach raibh díomá ar Dermot faoinar tharla ar Shliabh Everest?** | |
| | |
| | |
| **5. Is duine é Dermot a dtaitníonn sé leis am a chaitheamh ina aonar.** | |
| Fíor | |
| Bréagach | |
| Ní deirtear | |
| **6. Is maith le Dermot a bheith ag comhoibriú le daoine eile.** | |
| Fíor | |
| Bréagach | |
| Ní deirtear | |
| **7. Níl sé tógtha leis na comhlachtaí a chuireann turais dreapadóireachta ar fáil ar Shliabh Everest.** | |
| Fíor | |
| Bréagach | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Cuir na focail agus frásaí a bhfuil **cló trom** orthu sa teacs in abairtí a léiríonn a mbrí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

2. **Obair bhaile:** Is dreapadóir/tumadóir tú agus tá tú ag iarraidh club áitiúil dreapadóireachta/tumadóireachta a bhunú. Scríobh fógra le haghaidh na meán sóisialta a mheallfadh daoine isteach sa chlub, go háirithe glantosaitheoirí. Luaigh na tréithe pearsanta a bheadh tábhachtach don spórt a roghnaíonn tú.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# FREAGRAÍ

## A. LÉAMHTHUISCINT

1. Ceapann Dermot gurb é an luach is mó a bhaineann leis an ngradam ná na cairde a bhí leis ar na turais.
2. Bréagach
3. Misniúil, cróga, diongbháilte, díograiseach, gníomhach
4. Ní deirtear
5. Fíor
6. Fíor

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad